An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta
agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service

# Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh agus Natura

## Téarmaí agus Coinníollacha

**2025**

Ullmhaithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

## Clár Ábhar


Foirmeacha ... 3

1 Cúlra agus Cuspóir na Scéime ... 3

2 Príomhchúram na Scéime ... 5

3 Ullmhú maidir le Maoiniú ... 5

3.1 Cead agus Toiliú ... 6

3.2 Maor Áitiúil na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) ... 6

3.3 Méid an Deontais ... 7

3.4 Ranníocaíocht Airgeadais ... 7

3.5 Maoiniú Meaitseála/Ranníocaíochtaí Comhchineáil ... 7

3.6 Táillí Gairmiúla, Maoirseacht agus Deimhniú Oibreacha ... 9

3.7 Maoiniú ar Airleacan ... 9

3.8 An Maoiniú a Bhronntar ... 10

3.9 Fógra faoin Maoiniú a Bhronntar ... 10

4 Incháilitheacht Don Scéim ... 10

4.1 Cén cineál Tionscadal atá Incháilithe? ... 10

4.2 Maoirseacht ar Dhul Chun Cinn an Tionscadail ... 12

5 An Próiseas Iarratais ... 12

5.1 Stádas Dlíthiúil ... 13

6 Próiseas an Mheasúnaithe ... 13

7 Ráiteas Modha ... 14

8 Ceanglais Reachtúla ... 14

9 Riachtanais Aistriúcháin do Chomharthaíocht ... 15

10 Forchúiteamh Maoinithe ... 15

10.1 Léargas ar Phróiseas na hÍocaíochta ... 15

10.2 Gnásanna Cros-seiceála ........ 16

10.3 Caiteachas Incháilithe agus Táillí Gairmiúla ........ 16

10.4 Riachtanais maidir leis an mBainistíocht Airgeadais ........ 17

11 Faisnéis Ghinearálta ........ 18

11.1 Grianghraif/Meastacháin ar Oibreacha ........ 18

11.2 Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach ........ 18

11.3 Poiblíocht ........ 18

11.4 Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol ........ 19

11.5 Iniúchadh agus Coinneáil Cáipéisí ........ 19

11.6 Cosaint Leanaí ........ 19

11.7 Athdháileadh Maoinithe ........ 20

11.8 Teagmháil/Fiosruithe ........ 20

11.9 Próiseas Gearán / Achomharc ........ 20

12 Úsáid Sonraí ........ 20

12.1 Ráiteas Príobháideachais ........ 20

## Foirmeacha

Foirm A. Foirm Iarratais

Foirm B. Foirm Éilimh Forchúitimh (do na hiarratasóirí a n-éiríonn leo)

# 1 Cúlra agus Cuspóir na Scéime

Tá cosaint agus caomhnú oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht na hÉireann ar leibhéal an Rialtais náisiúnta faoi chúram na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF). Áirítear le dualgais SPNF, suíomhanna Limistéar Speisialta Caomhantais (LSCanna) agus

suíomhanna Limistéar Cosanta Speisialta (LCSanna) a ainmniú chun gnáthóga agus speicis a chosaint.

Tá sé mar chuspóir ag Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh agus Natura (SRPTPN) feasacht a mhéadú agus oideachas a chur ar dhaoine, i ndáil le suíomhanna Natura 2000 na hÉireann (suíomhanna ainmnithe mar LSC agus/nó LCS) agus na tailte portaigh go léir, le deontais a chur ar fáil do ghrúpaí pobail áitiúla agus d'eagraíochtaí a thacóidh le raon leathan tionscnaimh a rachaidh chun leas an phobail, amhail na cinn seo a leanas;

- imeachtaí, cláir oideachais, feachtais bholscaireachta, foilseacháin, taispeántais,
- pleananna bainistíochta caomhantais a fhorbairt,
- bearta le haghaidh áiseanna áineasa agus poiblí,
- cothabháil chun tacú le gnáthóga a chaomhnú,
- monatóireacht nó suirbhéireacht a bheidh mar bhonn le tionscadail athchóirithe/chaomhnaithe, bearta i gcoinne speiceas ionrach agus bearta rialaithe dóiteáin,
- tionscnaimh i gcoinne bruscar a chaitheamh, agus feabhsuithe ginearálta i dtaobh na timpeallachta

Idir 2018 agus 2023, chuir **Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh (SRPTP)** maoiniú ar fáil chun tacú le caomhnú agus le hathbheochan na Limistéar Speisialta Caomhantais (LSCanna) agus na Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (LONanna) ar phortaigh ardaithe agus ar bhratphortaigh, agus na dtailte portaigh eile. Chun teacht le tosaíochtaí agus le cuspóirí na Seirbhíse Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra agus chun dualgais na hÉireann faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga a chomhlíonadh, tá an scéim seo á leathnú anois chun pobail a dteastaíonn uathu idirghníomhaíocht níos fearr a bheith acu le gnáthóga agus le speicis ainmnithe eile agus le gnáthóga tailte portaigh, a thabhairt san áireamh.

Tiocfaidh Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh agus Natura (SRPTPN) in ionad SRPTP, agus **táthar ag súil go mbeidh iarratasóirí a chuir isteach ar SRPTP roimhe seo incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin scéim nua seo. Cé go bhfuil sé mar aidhm ag Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh agus Natura díriú ar rannpháirtíocht an phobail agus ar fheasacht i ndáil le suíomhanna Natura 2000 (LSCanna/LCSanna), ní bheidh na tailte portaigh teoranta do shuíomhanna**

**Natura 2000 amháin. Tá siad go léir incháilithe chun maoiniú a fháil faoin scéim seo (LONanna agus suíomhanna nach bhfuil ainmnithe san áireamh).**

Sa chás go bhfuil an scéim lán, tabharfar tosaíocht do thionscadail a thacaíonn le cuspóirí caomhantais na suíomhanna Natura 2000 thar thionscadail ar shuíomhanna eile.

**Tabhair do d'aire nach bhfuil tionscadail údaráis áitiúil nó tráchtála incháilithe do mhaoiniú faoin Scéim seo.**

# 2 Príomhchúram na Scéime

Feidhmeoidh an scéim seo mar scéim bhliantúil faoi réir ghnáthphróisis bhuiséadacha na Roinne. Ní mór maoiniú a tharraingt anuas faoi réir na spriocdhátaí a leagtar amach.

Glacfar le hiarratais do **thionscadail 2025** go dtí an **24 Eanáir 2025**. Féadfar go leasófaí an spriocdháta sin faoi rogha SPNF.

Ba cheart go gcuirfear tús le tionscadail a fhaigheann maoiniú faoin scéim seo chomh luath agus is féidir le réasún agus **ní mór go mbeifear in ann é a sheachadadh laistigh de fhráma ama réalaíoch agus le linn na bliana féilire 2025**.

# 3 Ullmhú maidir le Maoiniú

Chun maoiniú a fháil mar ghrúpa pobail nó eagraíocht, ní mór stádas foirmiúil a bheith ag an ngrúpa nó ag an eagraíocht sin, mar aon le struchtúir láidre airgeadais agus rialála, e.g. a bheith cláraithe mar charthanacht. Is féidir le grúpa amháin gníomhú mar scáthghrúpa do ghrúpaí eile ina leith sin.

B'fhearr go mbeadh an grúpa tar éis roinnt céimeanna a ghlacadh sula gcuirtear an t-iarratas isteach, lena n-áirítear buiséad a bheith ar fáil chun tiomsú airgid a chumhdach, luachaintí a fháil don tionscadal atá beartaithe, na scileanna laistigh den ghrúpa a aithint le haghaidh iarratas láidir a chur le chéile, comhpháirtithe áitiúla nó náisiúnta a aithint, riachtanas agus foinse an mhaoinithe meaitseála a sheiceáil, comhlíontacht an iarratais le gach critéar riachtanach a dheimhniú, aon rioscaí nó dúshláin don tionscadal a aithint, bheith soiléir maidir le haidhmeanna agus cuspóirí an tionscadail, an chaoi a bhforbróidh an tionscadal thar am a thuiscint agus bheith in ann a thaispeáint conas atá an tionscadal ag dul chun cinn agus conas atá an buiséad á bhainistiú.

## 3.1 Cead agus Toiliú

Moltar go ndéanfar measúnuithe iomchuí agus staidéir féidearthachta chuí sula gcuirfear iarratas tionscadail isteach agus go mbeidh an cead, an toiliú nó an ceadúnú riachtanach i bhfeidhm nó dul chun cinn suntasach déanta ina leith. Ní mór don toiliú sin **a bheith i bhfeidhm sula dtosófar ar aon oibreacha atá beartaithe** agus ní mór é a lua ar an bhfoirm iarratais, agus achoimre a dhéanamh ar cathain ar iarraidh agus cathain ar tugadh é.

Maidir le conairí siúil agus rotharbhealaí beartaithe, tabhair do d'aire gur dócha go dteastódh cead pleanála nó toiliú a bheith ann ó na húdaráis ábhartha do na tograí sin. Ina thaobh seo moltar duit do thionscadal a phleanáil ar bhonn céimnithe a cheadaíonn tréimhsí leordhóthanacha do gach céim agus saineolas proifisiúnta ábhartha a lorg m.sh. saineolas éiceolaíoch nó saineolas pleanála go háirithe má tá tú ag beartú tionscadail atá gar do limistéar cosanta nó do limistéar atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de. Is féidir treoir a fháil maidir le dul i gcomhairle le SPNF maidir le tograí forbartha, mar shampla, conairí siúil agus rothaíochta a d'fhéadfadh cead pleanála bheith ag teastáil uathu, ag: https://www.npws.ie/development-consultations

Ba cheart don iarratasóir a chinntiú go bhfuil gach toiliú riachtanach faighte aige/aici ó gach úinéir talún lena mbaineann (Príobháideach agus Poiblí) maidir leis na hoibreacha atá beartaithe, agus go gcomhlíonann na hoibreacha, de réir mar is cuí, na caighdeáin ábhartha arna leagan síos ag na comhlachtaí ábhartha. Caithfear dul i gcomhairle le **gach** duine a bhféadfadh go mbeidh tionchar ag an tionscadal ar a dtailte nó ar a leas, de réir mar is cuí, sula gcuirfear tús leis an tionscadal, agus caithfear toiliú i scríbhinn a fháil uathu ina léireofar cead chun na hoibreacha a chur i gcrích, agus cead iontrála ar na tailte ábhartha. **Caithfear an toiliú sin a chur isteach i scríbhinn leis an bhfoirm iarratais agus tá sé faoi dhualgas an iarratasóra a chinntiú go bhfuil gach toiliú cuí i bhfeidhm.**

**Maidir le tionscadail, a bhaineann go háirithe le conairí siúil, rotharbhealaí etc. A théann thar thailte príobháideacha, a fhorbairt, caithfear cruthúnas comhairliúcháin agus comhaontaithe a sholáthar leis an iarratas ó gach úinéir talún áitiúil lena mbaineann.**

## 3.2 Maor Áitiúil na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF)

Ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an maor caomhantais áitiúil NPWS **sula gcuirtear iarratas ar mhaoiniú isteach**. Féadfaidh an maor freisin comhairle a thabhairt duit maidir leis na gnéithe de do thionscadal a bhaineann le caomhnú an dúlra agus bithéagsúlacht

agus tú a chur ar an eolas faoi na toilithe atá riachtanach. D'fhéadfaí go mbeadh ort dul i gcomhairle le do mhaor áitiúil i rith an tionscadail. Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait maidir leis sin, nó chun a fháil amach cé lenar cheart duit dul i dteagmháil maidir le do cheantar, déan teagmháil le: nature@npws.gov.ie.

## 3.3 Méid an Deontais

Tá dhá chatagóir maoinithe ar fáil:

**Catagóir 1 – suíomhanna Natura 2000 (LSC / LCS)**

Beidh na deontais atá ar fáil faoi Chatagóir 1 idir €1,000 agus €40,000, agus 80% de chostais an tionscadail a bheidh san uasmhéid deontais.

**Catagóir 2 – Suíomhanna Tailte Portaigh nach suíomhanna Natura 2000 iad (LONanna agus suíomhanna neamhainmnithe san áireamh)**

Beidh na deontais atá ar fáil faoi Chatagóir 2 idir €500 agus €20,000, agus 80% de chostais an tionscadail a bheidh san uasmhéid deontais.

Ní mór costais eile an tionscadail a mhaoiniú le cistiú meaitseála i bhfoirm ranníocaíochtaí airgeadais, uaireanta comhchineáil nó deonacha, agus síntiúis.

Féadfaidh maoiniú ar airleacan de suas le 30% den dámhachtain deontais iomlán do thionscadal a chur ar fáil d'iarratasóirí nuair is gá, faoi réir aisíocaíochta sa chás nach leanfaí leis an tionscadal.

**I gcúinsí eisceachtúla faoi rogha SPNF féadfar deontas lasmuigh den raon sin a dhámhachtain.**

## 3.4 Ranníocaíocht Airgeadais

Tá gá le ranníocaíocht íosta airgeadais ar luach 5% de chostas iomlán an tionscadail. Beidh ar an deontaí dearbhú a thabhairt go bhfuil an ranníocaíocht i bhfeidhm agus taifead d'fhoinse na ranníocaíochta a choinneáil.

## 3.5 Maoiniú Meaitseála/Ranníocaíochtaí Comhchineáil

Ní mór don eagraíocht / ghrúpa íoc as costais eile an tionscadail (15%) iad féin. Beidh rannpháirtíocht iomlán na gcomhphobal leasa ina gné thábhachtach de thionscadail rathúla. Glacfar le ranníocaíochtaí comhchineáil, mar shampla, obair dheonach, ábhair saor in aisce, infheistíocht ón gcomhphobail agus ranníocaíochtaí daonchairdiúla mar chaiteachas meaitseála incháilithe.

Beidh gá le cáipéisíocht, amhail bileoga ama sínithe agus faisnéis bhailíochtaithe maidir le hábhair nó earraí a deonaíodh, a chur isteach.

**Maidir le hábhair nó earraí a deonaíodh,**

- líon na n-earraí agus tuairisc fúthu,
- an dáta ar cuireadh ar fáil iad, agus
- margadhluach cóir iomlán na n-earraí.

**Maidir le háiseanna, éileofar na sonraí seo a leanas**

- an ráta cíosa foilsithe agus na huaireanta nó dátaí ar baineadh úsáid as an áis.

**Maidir le seirbhísí oibrithe deonacha,**

- liosta de líon na n-uaireanta a oibríodh,
- dátaí na seirbhíse,
- cineál na seirbhíse,
- arna gcomhshíniú ag bainisteoir/maoirseoir an tionscadail

Cuirfear an cháipéisíocht sin ar aghaidh chugat lena comhlánú má cheadaítear a leithéid faoin scéim.

**Saothar Deonach:** Má tá an Ranníocaíocht Chomhchineáil i bhfoirm Saothar Deonach (i.e. obair gan íocaíocht), caithfear an t-am a chaitear ar an tionscadal a dhearbhú.

- Ba chóir go mbeadh an ráta a chuirtear i bhfeidhm cothrom leis an luach saothair le haghaidh obair choibhéiseach. Caithfidh an deontaí a chinntiú go bhfuil údar ceart leis an ráta in aghaidh na huaire a chuirtear i bhfeidhm de réir na hoibre a dhéantar.
- Más cuid de thionscadal é an Saothar Deonach, cuirtear ar shúile an deontaí go bhfuil feidhm ag riachtanais uile na reachtaíochta Sláinte agus Sábháilteachta ábhartha.
- Ni cheadaítear aon obair a bhaineann le riarachán an tionscadail a chur san áireamh mar shaothar deonach, m.sh. freastal ar chruinnithe, ullmhú na foirme iarratais ar dheontas, maoiniú éileamh íostarraingthe agus costais bhainistíochta.

Ní mór na sonraí faoin saothar deonach ar fad a éilítear a choinneáil ar bhileog ama (1 bhileog ama in aghaidh an duine). Gabhtar ar an mbileog ama na sonraí seo a leanas;

- Ainm an duine atá i mbun na hoibre
- Cineál, am agus dátaí na n-oibreacha, méid, na huaireanta a oibríodh agus an ráta san uair,
- Síniú an duine a chuir an saothar comhchineáil ar fáil,

- Caithfidh an comhordaitheoir a ceapadh ar son an tionscadail an bhileog ama a shíniú.

## 3.6 Táillí Gairmiúla, Maoirseacht agus Deimhniú Oibreacha

Caithfear gach obair a dhéanamh de réir na gcaighdeán is airde agus ní mór do ghairmí cáilithe cuí na hoibreacha a mheasann SPNF a bheith ábhartha, a mhaoirsiú agus a dheimhniú. Is féidir uasmhéid de **5%** den deontas a bhronntar a úsáid le haghaidh costas táillí gairmiúla **nuair a bhíonn gá le maoirseacht/deimhniú gairmiúil** (e.g. Innealtóir / Ailtire / Éiceolaí, etc.) Féadfar go n-áireofar iontu táillí do shuirbhéanna agus ráitis mhodha, táillí do mhaoirseacht agus do mhonatóireacht ar an láthair, costais réasúnta taistil agus chothaithe agus na táillí a bhaineann le séala a chur leis an tionscadal.

## 3.7 Maoiniú ar Airleacan

Sa chás go bhfuil **réamh-mhaoiniú** ag teastáil ón iarratasóir nó ón ngrúpa; Is féidir le SPNF, ar bhonn cás ar chás, an tionscadal nó na hoibreacha a réamh-mhaoiniú **suas le huasmhéid 30%** de luach iomlán an tionscadail, faoi réir cheadú na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, a gcaithfear a úsáid sula scaoilfear tuilleadh maoinithe. Caithfear sonraisc/admhálacha íoctha a chur isteach mar chruthúnas. Scaoilfear tuilleadh maoinithe nuair a bheidh na cistí tosaigh caite go hiomlán. Má scaoiltear réamh-mhaoiniú agus mura dtéann an tionscadal chun cinn, caithfear an maoiniú sin **a thabhairt ar ais**.

**Íocfar an chuid eile den mhaoiniú a deonaíodh ar bhonn caiteachas dearbhaithe amháin.**

Ní mór d’iarratasóirí a léiriú go soiléir conas a chaithfear an réamh-mhaoiniú agus an chuid eile de na cistí. Ba cheart leagan amach maith a bheith ar bhuiséid an tionscadail agus **ba cheart trí mheastachán ar a laghad a fháil de réir mar is cuí, i gcomhréir le dea-chleachtas soláthair**. Ba cheart sceidil agus garspriocanna an tionscadail a chur ar fáil freisin. Ní mór meastacháin ón soláthróir le haghaidh earraí/ábhair/seirbhísí ar leith a sholáthar. Ní ghlacfar le catalóga earraí mar mheastacháin. Cuir isteach an meastachán roghnaithe le do thoil le d’iarratas ach coinnigh ar taifead na luachaintí eile a fuair tú chun críocha iniúchta.

### 3.8 An Maoiniú a Bhronntar

Braithfidh leibhéal cruinn an deontais a bhronntar le haghaidh tionscadail ar leith ar chineál agus ar cháilíocht an togra.

Caithfear an maoiniú a bhronntar a úsáid chun na gcríoch atá sonraithe san iarratas amháin agus ní mór cead a fháil roimh ré d'aon athrú ar úsáid bheartaithe an mhaoinithe.

**Caithfidh aon athrú maidir le soláthraithe, leis na hábhair a úsáidtear nó le cuspóirí an tionscadail a chur in iúl do SPNF agus cead a fháil ina leith sula n-athrófar úsáid an mhaoinithe.**

### 3.9 Fógra faoin Maoiniú a Bhronntar

Faoi réir cheadú na dtionscadal ar mhaithe le maoiniú, cuirfear na hiarratasóirí a n-éireoidh leo ar an eolas maidir le tairiscintí sealadacha maoinithe. Sonrófar san fhógra sin leibhéal an mhaoinithe a ceadaíodh, an sceideal chun an tionscadal a chríochnú agus téarmaí agus coinníollacha an mhaoinithe a bronnadh, in am trátha chun ligean don iarratasóir an tionscadal a chur i gcrích agus an maoiniú a fháil ar ais faoin spriocdháta riachtanach.

Tabharfaidh SPNF an ceadú deiridh chomh luath agus a chomhlíonfaidh an t-iarratasóir aon choinníollacha atá fós le comhlíonadh. Foilseoidh SPNF sonraí faoi na tionscadail ar bronnadh maoiniú orthu faoin scéim seo.

Iarrfar ar na hiarratasóirí Foirm Ríomhaistrithe Airgid (EFT) a líonadh isteach. Ní dhéanfar íocaíocht ach trí EFT go cuntas bainc atá in ainm an ghrúpa nó na heagraíochta agus ní go cuntas de chuid aon bhall ar leith.

Mura gceaptar go bhfuil d'iarratas incháilithe, gheobhaidh tú litir a chuirfidh in iúl duit nach ndéanfar d'iarratas a mheas. Mura n-éiríonn le d'iarratas, gheobhaidh tú litir a chuirfidh in iúl duit nár éirigh le d'iarratas. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le nature@npws.gov.ie má theastaíonn aiseolas uait i leith an iarratais.

# 4 Incháilitheacht Don Scéim

### 4.1 Cén cineál Tionscadal atá Incháilithe?

Seo a leanas catagóirí na dtionscadal atá incháilithe le haghaidh maoiniú deontais:
(Ní liostaí uileghabhálacha iad seo). Ní ghlacfar le hiarratais nach mbaineann le suíomhanna Natura 2000 ach amháin más **suíomhanna tailte portaigh iad**. Chuirfeadh SPNF fáilte roimh thionscadail fheiliúnacha ar shuíomhanna ainmnithe Natura ina bhfuil sé i gceist na

gnáthóga agus na speicis ar ainmníodh an suíomh ina leith a athchóiriú agus a chaomhnú. Ba cheart cúram ar leith a ghlacadh le hoibreacha atá beartaithe i limistéir ainmnithe, amhail Limistéir Speisialta Chaomhantais (LSC) agus Limistéir Chosanta Speisialta (LSC).

**Cláir Oideachais, Feasachta agus Chaomhantais** a chuirfidh le rannpháirtíocht an phobail agus le tuiscint an phobail ar ghnáthóga, ar speicis agus ar shuíomhanna ainmnithe, lena n-áirítear na suíomhanna seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh; suíomhanna ainmnithe ina bhfuil portaigh ardaithe agus bratphortaigh.

D'fhéadfaí go n-áireofaí ar na hiarratais ionchasacha: tabhairt faoi thurais oideachasúla, faoi thurais lae scoile nó faoi thionscadail samhraidh, i.e. gníomhaíochtaí áineasa agus oideachasúla, agus rannpháirtíocht dheonach a spreagadh lena gcuirtear feabhas ar fheasacht maidir le caomhnú agus athchóiriú na suíomhanna ainmnithe agus ar cosaint na ngnáthóg agus speiceas.

**Imeachtaí, Taispeántais agus Feachtais Bholscaireachta** a bhaineann le caomhnú, le hathchóiriú, le feasacht agus le cur chun cinn na ngnáthóg, na speiceas agus na suíomhanna, a thugann deis don phobal idirghníomhú leis an oidhreacht nádúrtha agus tuiscint níos fearr a fháil uirthi.

**Foilseacháin, Bileoga Eolais agus Nuachtlitreacha Áitiúla Dúlra** a chothaíonn meas agus tuiscint níos fearr i measc an phobail ar shainluach na ngnáthóg agus na speiceas i ndáil le hoidhreacht shaibhir nádúrtha na hÉireann, agus a spreagann an pobal chun taitneamh a bhaint as an oidhreacht sin ar bhonn náisiúnta.

**Caomhantas, Feabhsuithe agus Bearta Feabhais** a thacaíonn le tionscadail áitiúla timpeallachta agus le grúpaí deonacha a théann i ngleic go díreach leis na rudaí a chuireann suíomhanna Natura i mbaol, agus a thagann le cuspóirí caomhantais. Áirítear leis sin cúnamh a thabhairt i ndáil le hobair chothabhála chun na limistéir timpeall ar, agus taobh istigh de, na líonraí LSC a fheabhsú.

Mholaimis do ghrúpa ar bith atá ag tabhairt faoi bhearta a bhaineann le siúlbhealaí nó conairí dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus comhairle a lorg ó eagraíochtaí eile a thug faoi thionscadail dá leithéid roimhe sin.

Téigh i dteagmháil leis an maor SPNF áitiúil le do thoil, chun treoir a fháil maidir le tabhairt faoi oibreacha, nó comharthaíocht a chur suas, i gcomharsanacht suíomhanna cosanta (e.g. LSCanna, LCSanna).

**Níl aon mhaoiniú ar fáil faoin scéim seo do bhearta rochtana nó feabhsúcháin bóthair ná do dhraenacha ar phortaigh ina ngearrtar móin nó ar phortaigh a úsáidtear chun críche tráchtála.**

**Ní mór go mbeadh gá le haon obair fheabhsúcháin agus gan í a bheith mar ghnáthchothabháil amháin ná den chineál a mbeifí ag súil leis go réasúnta go ndéanfadh na hiarratasóirí féin í.**

**Ní chuirfear maoiniú ar fáil do na gníomhaíochtaí seo a leanas faoin scéim seo:**

- Tionscadail atá ar leas duine ar leith amháin
- Trealamh nach bhfuil baint dhíreach aige leis an tionscadal
- Tionscadail a ghineann ioncam

**Ceadaítear uasmhéid 10% den mhaoiniú a bhronntar a chur i dtreo na bhforchostas. Is gá na costais sin a aithint agus a shonrú san fhoirm iarratais.**

## 4.2 Maoirseacht ar Dhul Chun Cinn an Tionscadail

Féadfaidh le SPNF, ag pointe ar bith tar éis dó iarratas a fháil, eolas breise a lorg agus cigireachtaí a chur i gcrích ar gach tionscadal, má mheastar amhlaidh a bheith cuí.

Éileofar tuairisc chríochnaithe nuair a thabharfar an tionscadal chun críche. Cuirfear an fhoirm riachtanach ar fáil don iarratasóir a luaithe agus a ceadófar maoiniú faoin scéim don tionscadal.

Iarraimid go gcuirfí aon sonraí éiceolaíochta a eascraíonn as do thionscadal faoi bhráid an Ionaid Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta.

# 5 An Próiseas Iarratais

Ní mór d'iarratasóirí **cóip amháin den iarratas**, agus an t-iarratas sin a bheith comhlánaithe agus sínithe, mar aon le hábhar taca ar bith eile, lena n-áirítear ráiteas modha mar is cuí, a chur isteach ar ríomhphost chuig nature@npws.gov.ie.

Fógrófar an scéim sna nuachtáin áitiúla, ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra www.npws.ie, ar shuíomh gréasáin na Roinne www.housing.gov.ie agus ar mheáin shóisialta eile.

**Cuirtear in iúl d'iarratasóirí go bhféadfadh mainneachtain leordhóthain mionsonraí a chur ar fáil san fhoirm iarratais agus san ábhar breise moill a chur ar an iarratas.**

**Ní bhreithneofar aon iarratas nach bhfuil líonta isteach go hiomlán nó nach bhfuil sínithe.**

### 5.1 Stádas Dlíthiúil

Ní mór cruthúnas ar stádas dlí aon ghrúpa pobail nó eagraíochta a chur isteach le hiarratas.

## 6 Próiseas an Mheasúnaithe

Is é SPNF a dhéanfaidh measúnú ar na hiarratais agus a mholfaidh iarratais le haghaidh maoinithe faoin scéim. Scrúdófar na hiarratais ar bhonn fiúntais agus breithneofar iad bunaithe ar a dhóthain maoinithe a bheith ar fáil. Ba cheart go léireodh na tionscadail luach maith ar airgead freisin agus go mbeidís ag teacht le cuspóirí iomlána na scéime.

Déanfar na tionscadail a mheas ar bhonn na faisnéise a cuireadh isteach agus faoi na critéir ualaithe seo a leanas:

| Critéar | | Ualú |
|---|---|---|
| Struchtúir, ceadanna, ábhar taca an tionscadail | • Ní mór tionscadal cuimsitheach a léiriú a bhfuil cur chuige / modheolaíocht ag gabháil leis<br>• Ábhar taca le cur san áireamh más cuí; léarscáileanna, ceadanna agus grianghraif | 30 marc |
| Buiséad | • Ní mór a thaispeáint go ndearnadh costas iomlán an tionscadail a mheas agus meastacháin a sholáthar mar bhonn taca<br>• Luach maith ar airgead agus infheistíocht mhaith chun críocha caomhantais | 30 marc |
| Leas poiblí agus leas an phobail | Tionscadail a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas;<br>• Raon leathan idirghníomhaíochta leis an bpobal<br>• Drochthionchair ar an timpeallacht a chosc le dea-chleachtas a chur i bhfeidhm | 40 marc |

Agus na hiarratais á gceadú agus na tionscadail rathúla á roghnú aige, déanfaidh SPNF roinnt gnéithe a mheas, lena n-áirítear an fhaisnéis atá ar fáil san Fhoirm Iarratais agus san ábhar breise, lena n-áirítear raon, meascán, cáilíocht agus tionchar na dtionscadal atá

beartaithe agus conas a thacaíonn an tionscadal le cuspóirí caomhantais na suíomhanna agus cúinsí ábhartha eile. Is féidir teacht ar shampla de LSC agus na cuspóirí caomhantais a ghabhann leis anseo https://www.npws.ie/protected-sites/sac/000572

# 7 Ráiteas Modha

Le haghaidh oibreacha fisiceacha ní mór **ráiteas modha** a chur isteach freisin a oireann do scála agus do chineál an tionscadail. Is éard atá i ráiteas modha ná doiciméad ina sonraítear conas a dhéanfar tasc nó gníomhaíocht áirithe. Ba cheart go luafadh sé go sonrach na gníomhaíochtaí atá le déanamh ar bhonn céim ar chéim. Féach ar an treoir theimpléid thíos.

Cuirtear in iúl d’iarratasóirí go mbeidh an t-iarratas i bhfad níos laige mura gcuirfear dóthain sonraí ar fáil sa ráiteas modha. Tá nóta treorach gearr ar ráitis mhodha ar fáil in **Aguisín 1** sa cháipéis seo.

# 8 Ceanglais Reachtúla

Ní mór d’oibreacha faoin scéim seo gach ceanglas reachtúil a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Sábháilteacht, Sláinte agus Leas
- An tAcht um Fhostaíocht
- An tAcht um Chomhshaol
- Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt
- An tAcht um Fhiadhúlra 1976, arna leasú
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011, arna leasú
- Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta

Go háirithe, ní mór don iarratasóir fianaise a sholáthar le cruthú go bhfuil na ceanglais reachtúla a bhaineann lena t(h)ionscadal faoi na hAchtanna/Rialacháin sin á gcomhlíonadh. Ag brath ar chineál an tionscadail, d’fhéadfadh gá a bheith le cead ó údaráis toilithe eile. Caithfidh go gcuirfí na himpleachtaí ábhartha i leith sábháilteachta, dliteanais agus rochtana san áireamh le gach beart a dhéantar chun rochtain ar thailte portaigh a fheabhsú.

# 9 Riachtanais Aistriúcháin do Chomharthaíocht

Forchuirtear leis na rialacháin a eisíodh faoi fho-alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 dualgas reachtúil teanga ar chomhlachtaí poiblí maidir leis an gcomharthaíocht: féach ar an eolas thíos:

Is iad seo a leanas ailt 6(1) agus 7(2) de na Rialacháin:

6. (1) Faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo, maidir le haon chomhartha a chuireann comhlacht poiblí´in airde, nó´a chuirtear in airde thar ceann aon chomhlachta phoiblí, in aon suíomh –

   (a) sa Stát, nó

   (b) ach amháin i gcás comhlacht forfheidhmithe, lasmuigh den Stát, is i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh sé'.

7. (2) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le comhartha i nGaeilge agus i mBéarla a chuireann comhlacht poiblí´i suíomh ar bith:

   (a) beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús,
   (b) beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla,
   (c) ní´bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó´thaobh méide de, ná´na litreacha sa téacs i mBéarla,
   (d) maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé´in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl, agus
   (e) ní´dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú´mura rud é´go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.

# 10 Forchúiteamh Maoinithe

## 10.1 Léargas ar Phróiseas na hÍocaíochta

Is é SPNF atá freagrach as cistí arna bhfaomhadh faoin Scéim a íoc leis na hiarratasóirí rathúla. Is le haghaidh an tionscadail a gcuirtear síos air sa litir cheadaithe amháin a bheidh aon mhaoiniú atá á thairiscint.

**Ní mór do gach tionscadal a bheith críochnaithe agus, más gá, deimhnithe ag gairmí ábhartha sular féidir leis an iarratasóir íocaíocht an mhaoinithe a lorg.**

Ní íocfar aon deontais ach ar chríochnú an tionscadail agus ar na cáipéisí seo a leanas a bheith curtha isteach sula a ndéantar íostarraingt deiridh an mhaoinithe:

- EFT comhlánaithe;
- Foirm Bileoige Forchúitimh B chomhlánaithe;
- Deimhniú oibreacha ó ghairmí ábhartha (m.sh. Ailtire, innealtóir, suirbhéir);
- Admhálacha dearbhaithe atá **SÍNITHE agus DÁTAITHE** ag an soláthraí;
- Sonraisc arna marcáil go bhfuil siad íoctha atá **SÍNITHE agus DÁTAITHE** ag an soláthraí;

**NÓTA: ní leor sonrasc arna stampáil ÍOCTHA amháin**

- Tuairisc chríochnaithe agus;
- Soláthar faisnéise breise lena n-áirítear grianghraif, cóip d'aon ábhar a rinneadh m.sh. leabhair, leabhráin agus tuarascálacha más gá

Caithfidh iarratasóirí a dhéanann éilimh ar mhaoiniú deontais ar bhonn caiteachais dearbhaithe a rá:

- go mbaineann na sonraisc a úsáidtear chun tacú lena héileamh le gníomhaíochtaí agus le seirbhísí atá oiriúnach do chuspóirí na Scéime agus gur íocadh iad; agus
- nár úsáideadh agus nach n-úsáidfí na sonraisc mar thaca le héileamh eile ar aisíocaíocht ó aon mhaoinitheoir(í) eile (ach amháin mar a ligtear dó i gcomhaontú maidir le socrú cómhaoinithe).

Sa chás gur éiríodh as an tionscadal, ní mór don iarratasóir é sin a chur in iúl do SPNF láithreach agus méid iomlán aon mhaoinithe a fuarthas a aisíoc chomh maith.

## 10.2 Gnásanna Cros-seiceála

I roinnt cásanna, d'fhéadfaí go mbeadh tionscadail i dteideal maoiniú a fháil ó níos mó ná scéim/clár maoinithe poiblí amháin. Chun a chinntiú ina leithéid de chásanna nach sáraítear teorainn chostais iomlán an tionscadail ó mhaoiniú poiblí, CBL san áireamh, ach amháin in imthosca eisceachtúla, is féidir an fhaisnéis a chuireann an t-iarratasóir ar fáil a chros-seiceáil le comhlachtaí poiblí eile laistigh de threoirlínte cosanta sonraí.

## 10.3 Caiteachas Incháilithe agus Táillí Gairmiúla

Ceadaítear **Cáin Bhreisluacha (CBL)** mar chaiteachas incháilithe faoin Scéim seo. Ní cheadaítear é áfach ach i leith na coda amháin sin den obair atá á maoiniú agus sna cásanna amháin nach féidir leis an tairbhí an CBL sin a fháil ar ais ar aon mhodh eile.

## 10.4 Riachtanais maidir leis an mBainistíocht Airgeadais

Feidhmíonn an Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh agus Natura faoi phrionsabail an chóid caiteachais phoiblí trína gcuirtear iallach ar gach comhlacht poiblí in Éirinn cistí poiblí a bhainistiú go cúramach agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr agus is féidir ar airgead aon uair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú. Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí ag an nasc seo a leanas – https://www.gov.ie/en/publication/public-spending-code/?fl=en

Ba cheart do dheontaithe aird ar leith a thabhairt ar **Ciorclán 13/2014**: **Bainistíocht Deontas ó Chistí Státchiste agus Freagracht astu.**

> *Is é atá ann mar bhunphrionsabal ná gur chóir go mbeadh an trédhearcacht agus an chuntasacht i bhfeidhm maidir le bainistíocht na gcistí poiblí agus ar aon dul leis an tíosaíocht, leis an éifeachtúlacht agus leis an éifeachtacht. Mar shampla, leagann an ciorclán amach nár cheart d'fhaighteoirí deontais sócmhainní atá maoinithe go poiblí a dhiúscairt gan cead a fháil roimh ré.

Ní mór do dheontaithe a chinntiú go bhfuil bainistíocht cheart airgeadais i bhfeidhm agus go bhfuil rian iniúchta leordhóthanach ar fáil agus á chothabháil le haghaidh an mhaoinithe a bhronntar faoin scéim seo. Caithfear Ráitis Airgeadais a chur faoi bhráid SPNF ag deireadh na bliana airgeadais. Sa chás nach bhfuil cuntais iniúchta ar fáil, ní mór do SPNF a bheith sásta go bhfuil ráitis oiriúnacha airgeadais ann ar féidir glacadh leo ina n-áit.

Ina theannta sin, caithfidh gach iarratasóir rathúil tuairisc a dhéanamh ina ráitis airgeadais, sa chás ina gcuirtear a leithéid de ráitis ar fáil, faoin maoiniú a fuarthas ón scéim mar seo thíos:

- Ainm na Roinne, leis an teideal beacht atá le húsáid sa tuairisc, i.e. An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta;
- Ainm beacht na Scéime, i.e. Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh agus Natura;
- Méid an mhaoinithe a bhfuil cuntas air sa ráiteas reatha airgeadais;
  Cibé an bhfuil srian le húsáid an mhaoinithe agus conas a shriantar é (i.e. an le haghaidh tionscadail ar leith é nó le haghaidh seirbhíse a chur ar fáil).

Ba cheart go mbeadh gach iarratasóir ar an eolas faoi na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le Státchabhair. Is éard a chiallaíonn státchabhair ná buntáiste i bhfoirm ar bith a bhronnann údaráis náisiúnta phoiblí ar thionscadail ar bhonn roghnach. Dá bhrí sin,

ní bhaineann an cosc seo le fóirdheontais a bhronntar ar dhaoine aonair nó le bearta a bhíonn oscailte do gach fiontar agus ní hionann iad agus Státchabhair (mar shampla, bearta ginearálta cánach nó reachtaíocht fostaíochta).

# 11 Faisnéis Ghinearálta

## 11.1 Grianghraif/Meastacháin ar Oibreacha

Iarrann SPNF ar an iarratasóir/na hiarratasóirí grianghraif dhigiteacha nó físeáin ar ardchaighdeán den tionscadal a chur ar fáil, más ábhartha, sula dtosaíonn aon oibreacha/bearta agus tar éis don tionscadal/obair a chríochnú, ar féidir iad a úsáid níos déanaí do chomparáid 'roimhe agus ina dhiaidh' chun críocha tuairiscithe.

Tabhair do d'aire gur féidir le SPNF aon íomhá nó gach íomhá a chuireann an t-iarratasóir/na hiarratasóirí ar fáil a úsáid chun Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh agus Natura a fhógairt nó chun poiblíocht a dhéanamh uirthi, nó go n-iarrfaidh an t-iarratasóir a mhalairt. Moltar d'iarratasóirí cead a fháil maidir le húsáid a bhaint as íomhánna (más gá) sula gcuireann siad faoi bhráid SPNF iad agus é sin a dhearbhú i scríbhinn.

## 11.2 Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach

Ní mór cloí leis na nósanna imeachta imréitigh cánach ábhartha maidir le híocaíochtaí deontais san earnáil phoiblí mar atá leagtha síos ag na Coimisinéirí Ioncaim. Tabhair nósanna imeachta imréitigh cánach do d'aire le do thoil. Féach ar www.revenue.ie chun tuilleadh sonraí a fháil, le do thoil. De réir Alt 4(1) de Chiorclán 44/2006 na Roinne Airgeadais: Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach: Deontais, Fóirdheontais agus Íocaíochtaí dá Samhail, bí cinnte go bhfuil gach iarratasóir, conraitheoir agus fochonraitheoir ag cloí leis na nósanna imeachta imréitigh cánach cuí.

## 11.3 Poiblíocht

Ní mór dóibh siúd a fhaigheann maoiniú faoin scéim seo aitheantas a thabhairt do thacaíocht na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Natura 2000 (mar is cuí, do thionscadail i limistéir LSC nó LCS) ar na cainéil fógraíochta ar fad, i gcló agus ar líne, a bhaineann leis an tionscadal atá á mhaoiniú, agus na lógónna cuí a chur san áireamh.

Áirítear leo sin iad seo a leanas:

- Comharthaí suímh, cláir fógraí, cláir faisnéise agus painéil léirmhínithe;
- Foilseacháin chlóite agus ar líne;

- Ábhair phoiblíochta chlóite mar bhileoigíní, chláir agus phóstaeir imeachta, bhróisiúir, bhileoga, nuachtlitreacha agus phreaseisiúintí;
- Fógraíocht;
- Ábhair oideachasúla agus cuir i láthair;
- Clúdaigh dlúthdhioscaí agus físdioscaí digiteacha agus pacáistiú táirge a bhaineann; agus
- Creidiúintí scannáin, teilifíse agus físeáin ar líne.

Cuirfidh SPNF na lógónna cuí ar fáil.

## 11.4 Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Tá iarratais ar mhaoiniú faoin scéim seo faoi réir **na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise** agus **na Rialachán um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol.**

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, is féidir na sonraí atá in iarratais agus i ndoiciméid tacaíochta a scaoileadh chuig tríú páirtithe arna iarraidh sin acu. Má tá aon fhaisnéis íogair nó rúnda i d'iarratas, déan í a aithint agus mínigh cén fáth nár cheart í a nochtadh le do thoil. Má fhaightear iarratas chun faisnéis íogair a scaoileadh de réir na reachtaíochta, rachfar i gcomhairle leat sula ndéanfar cinneadh cibé ar cheart an fhaisnéis a scaoileadh nó nár cheart. Mar sin féin, mura n-aithnítear aon fhaisnéis ar leith mar fhaisnéis íogair, d'fhéadfaí í a nochtadh gan dul i gcomhairle leat.

## 11.5 Iniúchadh agus Coinneáil Cáipéisí

D'fhéadfadh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta nó an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh ar thionscadail. Caithfear an doiciméadacht uile a baineann leis an Scéim seo a choinneáil ar taifead ar feadh 7 mbliana ar a laghad tar éis chríoch na Scéime.

Má stóráiltear doiciméid go leictreonach, ba cheart go gcloífeadh na gnásanna a úsáidtear chuige sin leis an **Acht Ríomhthráchtála, 2000**.

## 11.6 Cosaint Leanaí

Cloíodh na deontaithe leis an Acht um Leanaí 2015 agus le 'Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí'. Sa chás go bhfuil leanaí páirteach sna tionscadail/himeachtaí/gníomhaíochtaí atá á maoiniú, iarrfar ar dheontaithe

dearbhuithe a thabhairt go bhfuil na beartais/socruithe cuí maidir le cosaint leanaí i bhfeidhm.

### 11.7 Athdháileadh Maoinithe

Is féidir le SPNF athdháileadh a dhéanamh ar an maoiniú mura dtosaíonn tionscadail faoin dáta a luaitear agus mura gcríochnaítear iad faoin spriocdháta. Ba cheart saincheisteanna ar bith a bhaineann le riar na scéime seo a chur in iúl do SPNF ar an gcéad ásc ag úsáid na sonraí teagmhála seo thíos.

### 11.8 Teagmháil/Fiosruithe

Féadfaidh iarratasóirí tuilleadh eolais a lorg, nó fiosruithe maidir le hoibriú na scéime seo a dhéanamh, ach teagmháil a dhéanamh le nature@npws.gov.ie

### 11.9 Próiseas Gearán / Achomharc

Sa chás go ndéanfar gearán i leith riar na Scéime seo, is féidir le hiarratasóirí an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig SPNF le go ndéanfar athbhreithniú inmheánach bainistíochta. Beidh rogha ann, sa chás nach mbeifear sásta leis an toradh, athbhreithniú breise a dhéanamh ag leibhéal bainistíochta níos sinsearaí taobh istigh de SPNF/den Roinn. Má bhraitear ina dhiaidh sin nár déileáladh leis na gearáin go sásúil, is féidir leis an iarratasóir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Ombudsman (sonraí thíos):

Seoladh: 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773.
Fón: +353 1 639 5600

Suíomh gréasáin: https://www.ombudsman.ie/
Twitter: @OfficeOmbudsman

## 12 Úsáid Sonraí

### 12.1 Ráiteas Príobháideachais

Geallann an Roinn go ndéanfar do chuid príobháideachta a chosaint agus go léireofar meas uirthi. Baintear úsáid as na bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí chun do chuid sonraí a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. Ní dhéanfaidh an Roinn do shonraí a phróiseáil ar chuspóir ar bith ach amháin na cuspóirí faoinar bailíodh iad. Féadfar do chuid sonraí pearsanta a roinnt le Ranna Rialtais eile, le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó le comhlachtaí poiblí eile, i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó sin de réir dlí.

Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na cuspóirí faoinar bailíodh iad a chur i gcrích agus a phróiseáil. Nuair a bheidh an riachtanas gnó chun an fhaisnéis sin a choinneáil imithe in éag, déanfar é a scrúdú d'fhonn na sonraí pearsanta a scriosadh a luaithe is féidir, agus de réir bheartas na Roinne.

Tá Ráiteas Príobháideachais na Roinne i leith soláthraithe ar leith, íocaithe agus deontaithe agus tuilleadh eolais faoi Chosaint Sonraí le fáil ar ár suíomh gréasáin ag: gov.ie - Cosaint Sonraí (www.gov.ie)

**Aguisín 1 - Nóta Treorach Gearr i leith Ráitis Mhodha**

Ba cheart go mbeadh an Ráiteas Modha oiriúnach do chineál agus do scála na hoibre atá beartaithe. **Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas curtha san áireamh i <u>Ráiteas Modha d'Oibreacha Fisiceacha:</u>**

**1. Cur síos gonta ar an limistéar ina bhfuil na hoibreacha / an tionscadal atá beartaithe le déanamh.**

Ba chóir gur cur síos gonta é sin ar an limistéar mar atá sé faoi láthair, lena n-áirítear cur síos ar na gnéithe ar leith a bhaineann leis, a chuma, a shuíomh, a chruth, a bhail, a fheidhm reatha agus a thábhacht.

**2. Chomh maith leis sin, ní mór léarscáil den suíomh atá marcáilte go soiléir a chur ar fáil ar scála agus ar cháilíocht oiriúnach.**

Ba cheart go mbeadh gach 'beart ar an láthair' agus gach obair fhisiceach atá beartaithe marcáilte chomh cruinn agus chomh soiléir agus is féidir.

**3. Cur síos gonta ar na hoibreacha / an tionscadal atá beartaithe.**

Ba cheart go léireodh sé seo aon cheist a bhfuil riosca ag baint léi, cad iad na hoibreacha atá beartaithe, conas a thabharfar faoin obair, na bearta riachtanacha sábháilteachta agus an tsonraíocht agus na hábhair atá le húsáid. Caithfidh pleananna, líníochtaí agus meáin fhísiúla tacaíochta ábhartha mar ghrianghraif nó léaráidí eile a bheith san áireamh ann agus ba cheart go dtabharfadh sé aghaidh de ghnáth ar na ceisteanna seo a leanas (agus ar aon cheist eile a meastar go bhfuil tábhacht ag baint léi):

a) An oibreacha sealadacha nó buana iad?
b) Cén cineál oibre atá á mholadh agus cén suíomh ina dtabharfar faoin obair?
c) An mhaoirseacht agus an mhonatóireacht a dhéanfar ar an láthair
d) Cur síos gairid ar sceideal nó ar sheicheamh na hoibre
e) An bhfuil rochtain/bealach amach leordhóthanach ann?
f) Costas measta an tionscadail
g) Dáta tosaigh agus dáta críochnaithe measta

**4. Ráiteas tionchair agus na bearta maolaithe atá beartaithe (más infheidhme).**

Caithfidh sé seo aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh teacht as an obair agus cur síos ar conas is féidir drochéifeachtaí a mhaolú.

**5. Cur síos mionsonraithe ar na céimeanna eile den tionscadal atá le teacht (más nfheidhme)**

**6. Líon isteach na sonraí maidir le haon chonraitheoir, le haon cheardaí nó le haon phearsanra lena mbaineann sa tábla thíos**

| Conraitheoir(í)/Ceardaí(Ceardaithe)/(Pearsanra) | | |
|---|---|---|
| Ainm: | | |
| Post: | Seoladh: | |
| Uimhir Theileafóin/Fóin Póca: | Ríomhphost: | Uimhir Theileafóin/Fóin Póca: |
| Uimhir Thagartha Cánach: | Dáta: | |

gov.ie/npws